An Cabhán

Seán Éamuinn Ruaidhrí Mhag Uidhir-Gleann Gaibhleann

Págánach agus Críostaí

Chuaigh amach a bhádáil lá amháin.
Thit an Págánach amach as an mbád in san uisce agus chuaigh sé síos ag bun an uisce.
Tháinig sé aníos chuig uachtar an uisce agus ar seisean leis an gCríostaí, 'Sábháil mé.'
'An gcreideann tú i nDia uilechumhachtach?' arsa an Críostaí leis an Págánach.
'Ní chreidim,' arsa seisean.
'Bhuel síos leat arís.'
Chuaigh sé síos agus chuaigh sé síos ag bun an uisce agus tháinig sé anuas an dara uair.
Agus 'sábháil mé, sábháil mé,' arsa seisean leis an gCríostaí.
'An gcreideann tú i nDia uilechumhachtach anois.'
'Ní chreidim,' ar seisean.
'Bhuel síos leat arís,' ar seisean.
Chuaigh sé síos agus an treas uair nuair a tháinig sé go bar an uisce, bhí sé dhá thachtadh.
'Á sábháil mé, sábháil mé, sábháil mé,' ar seisean leis an gCríostaí
'An gcreideann tú i nDia uilechumhachtach anois' ar seisean.
'Á creidim,' arsa seisean.
'Bhuel síos leat anois' arsa seisean, 'agus tá d'intinn mhaith (agus is) ar dheis Dé go mbeidh d'anam sábháilte.'